Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

11030/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0263(NLE)**

**ACP 95**
**WTO 189**
**COASI 111**
**RELEX 669**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 576 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 576 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 576 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2020
COM(2020) 576 final

2020/0263 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a ghabhann leis seo an ionstraim dlí i ndáil le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, de bhun Airteagal 218(5) CFAE.

Thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) le Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) an 12 Meitheamh 2002.

An 30 Iúil 2009, shínigh an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1] (an "Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach") lena mbunaítear creat maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche.

Is é is aidhm don Chomhaontú:

(a) é a chur ar a gcumas do Stáit san Aigéan Ciúin tairbhiú den rochtain níos fearr ar an margadh a chuireann an tAontas ar fáil;

(b) an fhorbairt inbhuanaithe agus na Stáit atá san Aigéan Ciúin a chomhtháthú de réir a chéile sa gheilleagar domhanda, an dá ní sin a chur chun cinn;

(c) limistéar saorthrádála idir na Páirtithe a bhunú atá bunaithe ar an leas coiteann, tríd an trádáil a léirscaoileadh de réir a chéile ar bhealach a chomhlíonann rialacha EDT agus prionsabal na neamhshiméadrachta, agus riachtanais shonracha agus srianta acmhainneachta na Stát san Aigéan Ciúin á gcur san áireamh, ó thaobh leibhéal agus uainithe gealltanas de;

(d) na socruithe iomchuí um réiteach díospóidí a shocrú; agus

(e) na socruithe institiúideacha iomchuí a shocrú.

Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Nua-Ghuine Phapua ó bhí an 20 Nollaig 2009 ann agus idir an tAontas agus Poblacht Fhidsí ó bhí an 28 Iúil 2014 ann.

Le hAirteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, foráiltear gur féidir le hOileánstáit eile san Aigéan Ciúin aontú don Chomhaontú ar bhonn tairiscint i leith rochtain ar an margadh lena gcomhlíontar Airteagal XXIV de GATT 1994. Dá réir sin, d'aontaigh Stát Neamhspleách Shamó agus Oileáin Sholomón don Chomhaontú an 21 Nollaig 2018[2] agus an 7 Bealtaine 2020[3] faoi seach, agus tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm acu go sealadach ó bhí an 31 Nollaig 2018 ann agus an 17 Bealtaine 2020 ann, faoi seach. Tá nósanna imeachta na bPáirtithe ar bun le haghaidh aontachas Ríocht Thonga a léirigh gur spéis léi aontú don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1).

[2] IO L 333, 28.12.2018, lch. 1.

[3] IO L 85, 20.3.2020, lch. 1.

Tar éis aontachas Stát Neamhspleách Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón, is gá an Comhaontú a mhodhnú chun na tíortha sin a liostú mar Pháirtithe sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach. Beidh gá le leasuithe teicniúla comhchosúla a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach gach uair a aontóidh Oileánstát eile san Aigéan Ciúin dó.

## 1.2 Coiste Trádála CCE

Le hAirteagal 68 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, bunaítear Coiste Trádála ar a bhfuil ionadaithe na bPáirtithe (an tAontas Eorpach agus na Stáit san Aigéan Ciúin).

Déileálfaidh an Coiste Trádála leis na hábhair uile is gá chun an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhacha a chur chun feidhme. Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Coiste Trádála:

(a) aon choiste nó comhlacht speisialta is gá maidir le cur chur chun feidhme an Chomhaontaithe a bhunú agus a mhaoirsiú;

(b) teacht le chéile tráth ar bith a bheidh comhaontaithe ag na Páirtithe;

(c) aon saincheist faoin gComhaontú a mheas agus beart iomchuí a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna; agus

(d) cinntí nó moltaí a dhéanamh i gcásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú.

Le hAirteagal 78 (clásal maidir le hathbhreithniú), foráiltear go bhféadfaidh an Coiste Trádála athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach agus ar a chur chun feidhme, a oibríocht agus a fheidhmíocht i gcás inar gá agus moltaí iomchuí a dhéanamh do na Páirtithe maidir lena leasú.

*Toradh an séú agus an seachtú Coiste Trádála*

An 24 Deireadh Fómhair 2018, rinne na Páirtithe sa Chomhaontú (an tAontas Eorpach, Nua-Ghuine Phapua, Fidsí), agus Stát Neamhspleách Shamó, Oileáin Sholomón agus Tonga mar bhreathnóirí, tuairimí a mhalartú le chéile maidir leis **an raon feidhme agus an nós imeachta** le haghaidh leasuithe teicniúla ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a thabhairt isteach, modhnuithe atá riachtanach tar éis aontachais.

Leag na Páirtithe amach go mbeadh **raon feidhme** na leasuithe teoranta do Stát aontach san Aigéan Ciúin a liostáil mar Pháirtí sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach agus a thairiscint rochtana ar an margadh a chur le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú (dleachtanna custaim ar tháirgí de thionscnamh Pháirtí an Aontais Eorpaigh). Maidir leis an **nós imeachta**, thug na Páirtithe dá n-aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an gCoiste Trádála faoi láthair leasuithe den sórt sin a thabhairt isteach (ní leor an bunús dlí faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach). Rinne na Páirtithe tuairimí a mhalartú ar na trí rogha nós imeachta a leanas.

Rogha 1 – a mheas go bhfuil sé intuigthe go dtugtar isteach na leasuithe lena mbaineann sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach de bhua aontachais (Airteagal 80); dá réir sin, ní gá na modhnuithe sin a thabhairt isteach go sainráite trí bhíthin nós imeachta sonrach.

Rogha 2 – d'fhéadfadh an Coiste Trádála dearbhú a dhéanamh i dtaca leis an mbealach ar cheart tuiscint a bhaint as an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach tar éis aontachais, maidir leis na leasuithe teicniúla a bhfuil gá leo. Le hAirteagal 68(4)(c), foráiltear an bunús dlí do dhearbhú den chineál sin.

Rogha 3 – d'fhéadfadh na Páirtithe Airteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a leasú chun cumhacht a thabhairt don Choiste Trádála na cinntí is gá a ghlacadh i bhfianaise aontachas nua.

Chomhaontaigh an Coiste Trádála go soláthrófaí deimhneacht dhlíthiúil le Rogha 3, agus gheall an Coiste go molfadh sé do na Páirtithe Airteagal 80 a leasú dá réir. De dhroim a seachtú cruinniú an 3 go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Coiste Trádála moladh chun na críche sin, i gcomhréir leis an seasamh a bhí le glacadh thar ceann an Aontais (Cinneadh (AE) 2019/1707 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2019, IO L 260, 11.10.2019, lch. 45).

### 1.3. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an togra, cuirtear an Comhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC), de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ("Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE", nó Comhaontú Cotonou)[4] i bhfeidhm, arb é an bunús dlí é leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

Le haontachas Stát eile san Aigéan Ciúin don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, déantar creat dlíthiúil chaidreamh trádála an Aontais le tíortha comhpháirtíochta a dhaingniú, chomh maith leis an trádáil chómhalartach agus an comhtháthú sa gheilleagar domhanda a éascú. Déanann sé na Stáit sin a chuimsiú freisin sa chóras comhrialacha agus comhinstitiúidí arna mbunú ag an gComhaontú.

### 1.4. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is comhaontú trádála é an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach lena gcuirtear le forbairt chomhchuí na trádála domhanda, lena dtugtar rochtain neamhshiméadrach ar an margadh do Stáit aontacha nua agus lena ligtear dóibh earnálacha íogaire a chosaint ar an léirscaoileadh, agus, san am céanna, lena gcuirtear ar fáil líon mór coimircí agus clásal i ndáil le naíthionscal a chosaint. Tá forálacha sa Chomhaontú maidir leis na rialacha tionscnaimh a éascaíonn onnmhairí na Stát sin isteach san Aontas. Tá forálacha ann freisin maidir le forbairt inbhuanaithe (Airteagal 3) lena n-athdhearbhaíonn na Páirtithe go mbeidh cuspóir na forbartha inbhuanaithe ina chuid dhílis d'fhorálacha an Chomhaontaithe, i gcomhréir leis na cuspóirí agus prionsabail uileghabhálacha a leagtar síos i gComhaontú Cotonou, go háirithe an gealltanas ginearálta chun an bhochtaineacht a laghdú agus a dhíothú ar deireadh ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí na forbartha inbhuanaithe. Cuireann na forálacha seo le cuspóir an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt agus tá siad comhsheasmhach le hAirteagal 208(2) CFAE.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 2.1. Bunús dlí

Is é bunús dlí an chinnidh seo ón gComhairle an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de.

### 2.2. Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais é an comhbheartas tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 3 CFAE.

[4] IO L 287, 4.11.2010, lch. 3. Comhaontú arna leasú leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, lch. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, lch. 3).

## 2.3. Comhréireacht

Tá gá leis an togra seo chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chur chun feidhme, mar a leagtar amach i gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, go háirithe chun socruithe trádála nua atá comhoiriúnach do rialacha EDT a thabhairt i gcrích, socruithe a dhéanann bacainní ar thrádáil idir na Páirtithe a bhaint de réir a chéile agus comhar i ngach réimse a bhaineann le trádáil leis na Stáit san Aigéan Ciúin a fheabhsú.

## 2.4. An rogha ionstraime

Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

# 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

## 3.1. Measúnú tionchair

Rinneadh measúnú tionchair inbhuanaitheachta (SIA) ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche ACC-AE idir 2003 agus 2007. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach na téarmaí tagartha le haghaidh an tionscadail sin in 2002 mar chuid de ghlao iomaíoch ar thairiscintí. De thoradh an ghlao sin ar thairiscintí, bronnadh creatchonradh cúig bliana ar PwC France i mí Lúnasa 2002. Cuireadh dréachtleagan de thuarascáil chríochnaitheach SIA i láthair páirtithe leasmhara san Eoraip le linn an chruinnithe maidir le Comhphlé an Aontais leis an tSochaí Shibhialta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach an 23 Márta 2007 i mBruiséil na Beilge.

## 3.2. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Níl formheas an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach faoi réir nósanna imeachta REFIT; ní thiocfaidh aon chostas ar FBManna an Aontais dá bharr; agus ní chruthaítear aon fhadhb leis ó thaobh na timpeallachta digití de.

## 3.3. Cearta bunúsacha

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach san Aontas.

# 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an gCinneadh atá beartaithe.

# 5. EILIMINTÍ EILE

## 5.1. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Le hAirteagal 1 den togra, formheastar síniú an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach thar ceann an Aontais.

Le hAirteagal 2, údaraítear d'Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí a bhunú i ndáil le síniú an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

Le hAirteagal 3, sonraítear go gcuirfear an Comhaontú lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach i bhfeidhm ar bhonn sealadach.

Le hAirteagal 4, bunaítear dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh.

2020/0263 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meitheamh 2002, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC)[1].

(2) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[2] (an "Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach"), lena mbunaítear creat do Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, i Londain an 30 Iúil 2009. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Nua-Ghuine Phapua ó bhí an 20 Nollaig 2009 ann agus idir an tAontas agus Fidsí ó bhí an 28 Iúil 2014 ann.

(3) Foráiltear le hAirteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach maidir le haontachas Oileánstát eile san Aigéan Chiúin. Le Cinneadh (AE) 2018/1908[3] agus le Cinneadh (AE) 2020/409[4], d'fhormheas an Chomhairle aontachas Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach. D'aontaigh Samó don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach an 21 Nollaig 2018 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach aige ó bhí an 31 Nollaig 2018 ann; d'aontaigh Oileáin Sholomón don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach an 7 Bealtaine 2020 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach aige ó bhí an 17 Bealtaine 2020 ann.

---

1 Treoracha ón gComhairle maidir le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le tíortha agus réigiúin ACC (9930/02 (DG E II) HH/sg).

2 IO L 272, 16.10.2009, lch. 2.

3 Cinneadh ón gComhairle (AE) 2018/1908 an 6 Nollaig 2018 maidir le haontachas Shamó leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 333, 28.12.2018, lch. 1.)

4 Cinneadh ón gComhairle (AE) 2020/409 an 17 Feabhra 2020 maidir haontachas Oileáin Sholomón leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 85, 20.3.2020, lch. 1.)

(4) Tar éis aontachas Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, is gá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a leasú chun na tíortha sin a liostú mar Pháirtithe sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach. Bíonn gá le leasú comhchosúil a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach gach uair a aontaíonn Oileánstát eile san Aigéan Ciúin don Chomhaontú.

(5) Le hAirteagal 68 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, bunaítear Coiste Trádála a dhéileálfaidh leis na hábhair uile is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme. Is iomchuí a thabhairt de chumhacht don Choiste Trádála cinneadh a dhéanamh faoi aon leasú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a d'fhéadfadh a bheith riachtanach tar éis aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin.

(6) Le Cinneadh (AE) 2019/1707[5], chinn an Chomhairle ar an seasamh a bhí le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin, leasuithe a comhaontaíodh ag an seachtú cruinniú de chuid an Choiste Trádála a reáchtáladh an 4 Deireadh Fómhair 2019.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, an Comhaontú lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(8) Ós rud é go ndéantar foráil in Airteagal 76(2) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach maidir lena chur i bhfeidhm sealadach go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, ba cheart an Comhaontú lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a chur i bhfeidhm go sealadach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Formheastar leis seo síniú an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo, thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

2. Cuirtear téacs an Chomhaontaithe atá le síniú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Chomhaontaithe, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine arna sonrú ag idirbheartaí an Chomhaontaithe.

*Airteagal 3*

[5] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/1707 an 17 Meitheamh 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Trádála a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le leasuithe áirithe a dhéanamh ar an gComhaontú chun aontachas Shamó agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo a chur san áireamh (OI L 260, 11.10.2019, lch. 45.)

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, ón lá a shíneofar é go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*